Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/1505

26.2.2024

**Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 11 Eanáir 2024 – Planistat Europe SARL, Hervé-Patrick Charlot v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-363/22 P)** ([1])

***(Achomharc – Dara mír d'Airteagal 340 CFAE – Dliteanas neamhchonarthach an Aontais Eorpaigh – Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 – Imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) – Imscrúdú seachtrach ag OLAF – Cás 'Eurostat' – Eolas ó OLAF maidir le hábhair a bhféadfadh imeachtaí coiriúla a bheith mar thoradh orthu a chur ar aghaidh chuig na hÚdaráis náisiúnta bhreithiúnacha sula dtiocfar an t-imscrúdú chun críche – Gearán arna dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach sula dtiocfar imscrúdú OLAF chun críche – Imeachtaí coiriúla náisiúnta – Díbhe críochnaitheach – Coincheap 'Sárú sách tromchúiseach' ar riail dhlí an Aontais lena dtugtar cearta do dhaoine aonair – Damáistí ábhartha agus neamhábhartha a líomhnaítear a rinneadh do na hachomharcóirí – Imeachtaí le haghaidh damáistí)***

(C/2024/1505)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

## Páirtithe

*Achomharcóirí:* Planistat Europe SARL, Hervé-Patrick (ionadaí: F. Martin Laprade, avocat)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Baquero Cruz agus F. Blanc, Gníomhairí)

## An chuid oibríochtúil

1) Cuirtear breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnas an Aontais Eorpaigh an 6 Aibreán 2022, Planistat Europe agus Charlot v an Coimisiún ar neamhní, sa mhéid is gur dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don chaingean sa mhéid gur iarradh cúiteamh as an damáiste neamh-ábhartha a líomhnaítear a rinneadh do Hervé-Patrick Charlot mar gheall ar na imeachtaí coiriúla a tugadh ina choinne os comhair údaráis bhreithiúnacha na Fraince.

2) Diúltaítear don chuid eile den achomharc.

3) Tarchuirtear an cás ar ais chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh.

4) Forchoimeádtar na costais.

---

([1]) IO C 303, 8.8.2022.